# Ag Obair mar Staraí: An Ginealas agus Músaem Reilig Ghlas Naíon

## ON THIS DAY



Radharc ar Reilig Ghlas Naíon 1900.
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

## Acmhainní Foghlama:

Ní raibh ach dhá fhoinse faisnéise i gceist le haghaidh na hacmhainne foghlama seo - taifid adhlactha Ghlas Naíon agus daonáirimh na mblianta 1901 agus 1911, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cartlainne Náisiúnta: http://census.nationalarchives.ie/.

## 01 Eolas

Nuair a thabharfaidh tú cuairt ar Reilig Ghlas Naíon gheobhaidh tú dearbhán agus, leis sin, beidh cead agat breathnú trí thaifid adhlactha na reilige. Téann na taifid sin siar sna blianta ar fad go dtí 1832! Is foinsí tábhachtacha iad a bhfuil faisnéis iontu faoin saol in Éirinn le linn an 19ú agus an 20ú haois in Éirinn.

## 02 A Mhúinteoirí

Feicfidh sibh go bhfuil faisnéis agus beathaisnéisí gearra thíos ar shaol daoine a mhair san am atá caite agus atá curtha anois i Reilig Ghlas Naíon.

Tá baint ag gach beathaisnéis le hócáid mhór i stair na hÉireann nó i stair an domhain mhóir. Cuirfidh sé seo ar chumas na mac léinn an comhthéacs a thuiscint le linn dóibh a bheith ag déanamh staidéir ar an stair.

## An cur chuige atá molta don seomra ranga

- Mínigh an téarma 'daonáireamh' do na daltaí agus déan plé ar cén fáth a bhféadfadh tábhacht a bheith leis an daonra a chomhaireamh do shochaí sa lá atá inniu ann agus sa todhchaí.
- Taispeáin cóip de thaifead/thaifid an daonáirimh (lean an nasc thíos) do na daltaí.
- Cuir ceisteanna leide ar na daltaí le hiad a spreagadh chun bheith ag smaoineamh agus ag obair mar Staraithe (Féach na ceisteanna samplacha thíos).
- Tá an rogha ann anseo a bheith ag obair go neamhspleách, i mbeirteanna nó i ngrúpaí.
- Tá deis foghlama anseo ach comparáid a dhéanamh idir an tuairisceán daonáirimh i 1901 agus an tuairisceán daonáirimh i 1911 maidir leis an duine céanna.
- Déan beathaisnéis níos cuimsithí a chur le chéile ar dhaoine aonair trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sa phacáiste seo.
- Déan é seo a nascadh le hócáidí sa domhan mór agus lig do na daltaí taighde a dhéanamh ar na hócáidí sin.

## Sampla

**01** Scrúdaigh na tuairisceáin daonáirimh maidir le Thomas Dardis agus Jeremiah Carroll. Bain úsáid as na ceisteanna leide thíos agus as plé ranga chun beathaisnéis ghearr a scríobh ar an mbeirt fhear agus chun foghlaim faoin gcineál sochaí a bhí ann an t-am sin. (1-2 cheacht). Déan comparáid idir na fíricí atá ag na daltaí ina gcuid beathaisnéisí féin agus na fíricí faoi gach duine acu atá sa phacáiste seo.

**02** Scríobh dáta báis gach fir ar an gclár bán agus tabhair seans do na daltaí freagraí a thabhairt maidir le tábhacht na ndátaí sin. Tabhair roinnt fíricí ar chúlra an Chéad Chogaidh Dhomhanda.  (1 cheacht)

**03** Bain úsáid as na dátaí sin - tús agus deireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda - chun a thuilleadh taighde a dhéanamh ar an gCogadh. Is féidir topaicí a dháileadh ar na grúpaí chun bonn a chur faoi thionscadal taighde. Féadfaidh na daltaí a gcuid taighde a chur i láthair an ranga chun a chinntiú go mbeidh meascán topaicí san áireamh. (1 cheacht)

Topaicí ar féidir breathnú orthu – Cúiseanna leis an gCogadh/Úsáid eitleán sa Chéad Chogadh Domhanda/Ról na mBan sa Chogadh/Filí an Chogaidh/Cogaíocht Trinsí/Deireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda/Conradh Versailles.

**04** Má bheartaíonn an múinteoir na tionscadail taighde a dhéanamh leis an rang, tá lear mór ábhar ar fáil ar líne.  Féach Rannóg Oideachais Ghlas Naíon le haghaidh acmhainní agus naisc chuig suíomhanna gréasáin úsáideacha.

**05** Déanann na daltaí a gcuid taighde - is faoin múinteoir féin atá sé spriocam a leagan síos - agus déanann siad an taighde a chur i láthair an ranga ansin trí úsáid a bhaint as meascán de mhodhanna - cur i láthair ar scáileán/ó bhéal/colláis srl.

# Naisc leis an gCuraclam

## Bunscoil

**Scileanna agus coincheapa: ag obair mar staraí**

- Athruithe agus leanúnachas
- Cúis agus éifeacht
- Am agus croineolaíocht
- Fianaise a úsáid
- Sintéis agus cumarsáid
- Ionbhá

**Snáitheanna**

- staidéar áitiúil - úsáid a bhaint as tuairisceáin daonáirimh ón bpobal áitiúil is ea bonn an chur chuige seo.

- scéalta - ag iarraidh ar na daltaí cuimhní cinn ar thuairisceáin daonáirimh a phlé sa bhaile lena muintir ar fad, idir óg agus aosta/d'fhéadfadh sé gur rud nua é an daonáireamh do roinnt teaghlach.

- ré an athruithe agus na coimhlinte agus an pholaitíocht, an choimhlint agus an tsochaí - ról athraitheach na mban sa tsochaí/iarmhairtí an chogaidh/nasc a dhéanamh idir saol daoine aonair agus ócáidí móra stairiúla.

## Iar-Bhunscoil

**Ag Smaoineamh go Stairiúil**

- 2.11 déan naisc idir stair áitiúil, stair phearsanta nó stair theaghlaigh le pearsana, saincheisteanna agus ócáidí náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta.

**Ag Obair le Fianaise**

- 1.5 déan imscrúdú ar phost an staraí, ar an gcaoi a dtagann sé/sí ar fhianaise agus ar an gcaoi a mbaineann sé/sí úsáid as an bhfianaise sin chun breithiúnas stairiúil a thabhairt, ar breithiúnas é a bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh air agus tuiscint eile a bhaint as mar gheall ar fhianaise nua a bheith tagtha chun solais.

- 1.8 déan imscrúdú ar stór fianaise stairiúla: iarsmalann, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann dhigiteach nó cartlann de shaghas éigin eile nó taispeántas, mar shampla.

**An Mórphictiúr a fháil**

- 1.11 déan naisc agus comparáidí idir daoine, saincheisteanna agus ócáidí in áiteanna difriúla agus i réanna stairiúla difriúla.

# Naisc leis an Litearthacht agus leis an Uimhearthacht

## Litearthacht

- Forbairt ar na heochairfhocail (daonáireamh/áiritheoir/beathaisnéis/bunfhoinse eolais/beachtas).
- Poist an tseansaoil a shainmhíniú - ní ann do chuid mhór acu seo i saol an lae inniu.
- Tuiscint a léiriú trí hreagraí scríofa.

## Uimhearthacht

- Forbairt na matamaitice ó mheabhair Áireamh blianta breithe srl.
- D'fhéadfaí treochtaí a léarscáiliú thar bhlianta nuair a bhíonn comparáid á déanamh idir cúinsí teaghlaigh.

# Nótaí

# Gníomhaíochtaí do na Daltaí

**Tacaigh leis na daltaí taighde a dhéanamh agus tabhair spreagadh dóibh a bheith ag foghlaim trí cheisteanna a chur.**

## Imscrúdú Stairiúil

**01** Scrúdaigh an taifead daonáirimh agus déan liosta de na poist atá ag na fir agus ag na mná. An dtuigeann tú na poist atá ar an liosta? Déan plé ar an difríocht idir poist na bhfear agus poist na mban. An dtugann an difríocht seo aon leid dúinn mar gheall ar ról na bhfear agus ról na mban an t-am sin?

**02** Feicfidh tú an téarma lóistéir liostaithe sna taifid daonáirimh. Faigh amach céard is brí leis an téarma seo. Cén fáth a mbíodh daoine ar lóistín agus cén fáth a mbíodh daoine ag tabhairt lóistín do dhaoine?

**03** Ón imscrúdú atá déanta agat ar an daonáireamh breac síos:

-Ráiteas atá bunaithe ar fhíricí sa cháipéis mar gheall ar chúrsaí Oideachais ag an am.

-Ráiteas atá bunaithe ar fhíricí sa cháipéis mar gheall ar chúrsaí Creidimh ag an am.

**04** Téigh go dtí an colún a bhaineann leis an nGaeilge sa daonáireamh. Cén léargas a thugann na freagraí duit ar úsáid na Gaeilge ag an am? Smaoinigh go cúramach agus breathnaigh ar aois na ndaoine agus ar na ceantair arbh as dóibh.

**05** Is féidir linn imscrúdú a dhéanamh ar athruithe ar theaghlach thar mhórthréimshe ama trí bhreathnú ar thaifid daonáirimh. Cuir taifead Jeremiah Carroll ón mbliain 1901 i gcodarsnacht leis an taifead atá air ó 1911. Cén chaoi ar athraigh saol a theaghlaigh thar thréimhse 10 mbliana?

**06** Scrúdaigh an tuairisceán le haghaidh Elizabeth Boland. Cén léargas a thugann a taifead dúinn ar a saol ag an am?

**07** Ní hé Elizabeth an t-ainm a tugadh ar Elizabeth Dodd ar a tuairisceán daonáirimh. Dá bhrí sin, dá mba é Elizabeth an t-ainm a bhí tú a chuardach, ní thiocfadh sé aníos. An múineann sé sin aon rud dúinn mar gheall ar thaighde stairiúil?

**Léigh faoin gcineál saoil a bhí ag cuid de na daoine atá curtha i nGlas Naíon a bhfuil taighde déanta againn orthu agus freagair na ceisteanna.**




http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1901/Dublin/Rotunda/Upper_Gardiner_St_/1332106/
http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/Dublin/Rotunda/Gardiner_Street__Upper/32837/

## Michael Francis Boyle 1865 - 1922

I nGlas Naíon, Baile Átha Cliath sa bhliain 1865 a rugadh Michael Francis Boyle. I 1901, bhí sé ag obair mar chléireach agus bhí sé ina chónaí in uimhir 12 Sráid Ghairdinéir Uachtarach. Bhí sé pósta lena bhean chéile le 7 mbliana. Ba as Gaillimh do Nora agus bhí seisear clainne acu beirt le chéile. Ar mhí-ámharaí an tsaoil, ní raibh ach triúr de na páistí sin fós ar an saol seo faoin mbliain 1911. Bhí sé d'acmhainn ag muintir Boyle searbhóntaí a fhostú agus ba mhinic a bhídís ag tabhairt lóistín do dhaoine freisin.

Faoi 1922 bhí Michael bogtha go dtí an taobh eile de chathair Bhaile Átha Cliath agus ba i nDroichead na Dothra a bhí sé ina chónaí an t-am sin, ag 80 Bóthar Pheambróg. Bhí sé ag fulaingt le néaraistéine agus is éard is brí leis sin sa lá atá inniu ann ná go raibh sé thíos leis na néaróga agus leis an tuirse araon. Is é sin ba chúis lena bhás i mí Lúnasa. Bhí sé 57 bliain d'aois. I Reilig Ghlas Naíon a cuireadh é, an 28 Lúnasa 1922.

Bhí ceann de na sochraidí ba mhó a bhí riamh i Reilig Ghlas Naíon ar siúl an lá ar cuireadh Michael Boyle. Ceaptar go raibh 300,000 duine amuigh ar na sráideanna ag caoineadh! Ní chun dul ar shochraid Michael a tháinig siad amach, áfach, ach chun dul ar shochraid fir a bhí tar éis bás a fháil i gCorcaigh sé lá roimhe sin.

An bhféadfá buille faoi thuairim a thabhairt faoi cé eile a cuireadh an lá ar cuireadh Michael Boyle?

## Judith Alcock 1846 - 1916





http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/Dublin/Rathmines___Rathgar_West/Grove_Park/65483/

I dTiobraid Árann a rugadh Judith Alcock sa bhliain 1846. Phós sí cléireach darbh ainm Robert Alcock nuair a bhí sí 23 bliain d'aois. Bhí cónaí ar Robert agus Judith ag 33 Cearnóg Chnocán Aoibhinn, Baile Átha Cliath ach fuair Robert bás le plúchadh na scamhóg i mí na Bealtaine 1895. Ina dhiaidh sin, bhog Judith go dtí 71 Páirc an Gharráin, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath. Bhí cónaí uirthi ansin lena beirt iníonacha, Kathleen agus Mary Louisa. Thug sí lóistín do lóistéirí agus de réir dhaonáireamh 1911, bhí cúigear lóistéirí ina gcónaí sa teach in éineacht le Judith agus lena hiníonacha. Ba as Cill Chainnigh, Port Láirge agus Tír Eoghan na lóistéirí sin. Faoi 1916, bhí sláinte Judith ag dul in olcas.

Bhí sí 83 bliain d'aois. Fuair sí bás an 24 Aibreán agus cuireadh i láthair uaighe í a cheannaigh a deirfiúr tamall roimhe sin. I dtaifid Ghlas Naíon, ba é dímheabhair na seanaoise ba chúis lena bás. Cé go bhfuair Judith bás an 24 Aibreán, níor cuireadh i Reilig Ghlas Naíon í go dtí an 12 Bealtaine.

Céard a tharla i mBaile Átha Cliath a chuir moill ar adhlacadh Judith go dtí an t-am sin?

**Léigh faoin gcineál saoil a bhí ag cuid de na daoine atá curtha i nGlas Naíon a bhfuil taighde déanta againn orthu agus freagair na ceisteanna.**




http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/Dublin/South_Dock/Stephen_s_Place/84439/

## Thomas Dardis 1879 - 1939

Sa bhliain 1911, bhí Thomas Dardis ina chónaí lena bhean chéile Julia ag Plás Stiabhna, Baile Átha Cliath agus bhí sé ag saothrú a bheatha mar oibrí ginearálta. Bhí Thomas agus Julia pósta le 13 bliana. Bhí seisear clainne acu agus bhí cúigear acu sin fós beo. Fuair a n-iníon Elizabeth bás i 1904 nuair nach raibh sí ach aon bhliain d'aois. Is é 'gearradh fiacla' an chúis atá liostaithe lena bás, rud is aisteach linn sa lá atá inniu ann, b'fhéidir, ach tháinig fiabhras ar roinnt mhaith páistí nuair a thosaigh an gearradh fiacla an t-am sin agus bhásaigh siad dá dheasca. Dhá bhliain tar éis an daonáirimh, saolaíodh páiste eile do Thomas agus Julia, páiste darbh ainm Richard.

D'oibrigh Richard mar oibrí ginearálta, mar a rinne a athair roimhe, ach ní raibh ach 20 bliain d'aois slánaithe aige nuair a fuair sé bás leis an eitinn i 1933. I dtreo dheireadh a shaoil, thosaigh Thomas ag obair mar thiománaí veain agus bheartaigh sé féin agus Julia bogadh go dtí Sráid Uí Mhaicín, atá suite díreach in aice le Duga Dheisceart Bhaile Átha Cliath. Faoi 1939, bhí Thomas 60 bliain d'aois agus bhí sé ag fulaingt leis an ngalar duáin. An 1 Meán Fómhair 1939 a fuair sé bás agus ag 178 Suíomh Naomh Pádraig a cuireadh é. Mí i ndiaidh a fir céile a fuair Julia bás agus is san uaigh chéanna i Reilig Ghlas Naíon a cuireadh í.

Tharla ócáid mhór dhomhanda san Eoraip an lá a bhfuair Thomas Dardis bás. Cén ócáid a bhí ann?




http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1901/Cork/No__6_Urban__South_Centre/Lapp_s_Quay/1110199/

http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/Dublin/Arran_Quay/Sullivan_Street/47907/

## Jeremiah Carroll 1877 - 1918

Ba Chorcaíoch é Jeremiah Carroll a bhí 24 bliain d'aois agus a bhí ina chónaí i dteach lóistín i gCé an Lapaigh, Cathair Chorcaí sa bhliain 1901. Bliain amháin tar éis an daonáirimh, bhuail Jeremiah le bean darbh ainm Margaret agus phós siad. Bliain ina dhiaidh sin arís, bhog Jeremiah agus Margaret go Baile Átha Cliath agus i 1904, saolaíodh a n-iníon Mary Ellen dóibh. I 1911, is ar Shráid Uí Shúilleabháin a bhí cónaí ar Jeremiah, ar Margaret, ar Mary Ellen agus ar lóistéir darbh ainm Michael Cahill, a bhí ina gharda iarnróid. Bhí Jeremiah ag obair mar shiúntóir iarnróid é féin ag an am sin agus bhí léamh agus scríobh ag a theaghlach. Bhain tragóid don teaghlach an 8 Samhain 1918 nuair a bhásaigh Jeremiah leis an niúmóine. Bhí sé 41 bliain d'aois. I Reilig Ghlas Naíon a cuireadh é, ag KE an Gairdín, in uaigh talún boichte. D'fhan Margaret ar Shráid Uí Shúilleabháin tar éis bhás Thomas agus is ann sin a fuair sí féin bás i 1941 leis an gcliseadh croí. I Reilig Ghlas Naíon a cuireadh ise freisin, in uaigh talún boichte.

Cé gur lá thar a bheith brónach a bhí ann do mhuintir Carroll an 11 Samhain sin 1918, bhí go leor daoine eile ar fud na hÉireann agus na Breataine ag ceiliúradh mar gheall ar nuacht an-tábhachtach a fuair siad an lá céanna. Céard a bhí ag tarlú san Eoraip an 11 Samhain 1918?

**Léigh faoin gcineál saoil a bhí ag cuid de na daoine atá curtha i nGlas Naíon a bhfuil taighde déanta againn orthu agus freagair na ceisteanna.**




http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/Dublin/Merchants_Quay__part_of_/Coombe/77371/

## Elizabeth Boland 1879 - 1921

I dTiobraid Árann a rugadh Elizabeth Boland. In 1879, phós sí ceannaí buidéal darbh ainm William Boland, arbh as Corcaigh dó. Faoin mbliain 1883, bhí Elizabeth agus William bogtha go Cathair Bhaile Átha Cliath agus ina gcónaí ar Shráid na Mí agus faoi 1911 bhí siad bogtha go dtí an Com. Saolaíodh 16 pháiste d'Elizabeth le linn a saoil ach níor mhair ach 6 - Bridget, Mary, Elizabeth, Anne, David agus Esther. Ní raibh léamh ná scríobh ag Elizabeth ach bhí ag a fear céile agus ag a clann.

An 6 Nollaig 1921 fuair Elizabeth bás de dheasca castachtaí tar éis di dul faoin scian. Ba é a mac, David, a cheannaigh uaigh di ag RF 85 an Gairdín, Reilig Ghlas Naíon agus ba san uaigh chéanna lena gariníon, Eliza (a bhásaigh i 1918) a cuireadh í.

An lá céanna a bhfuair Elizabeth bás i mBaile Átha Cliath, tharla rud éigin ag Uimh. 10 Sráid Downing, Londain, a mbeadh tionchar nach beag aige ar stair na hÉireann. Céard a tharla i Londain an 6 Nollaig 1921?




http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1901/Dublin/Kinsealy/Cloughran/1266126/

## Elizabeth Dodd 1861 - 1919

I gContae Bhaile Átha Cliath a rugadh Elizabeth Mary Helen Dodd sa bhliain 1861. Sa bhliain 1901, ba sa Chlochrán, Co. Bhaile Átha Cliath, a bhí cónaí uirthi in éineacht lena fear céile, Christopher, a bhí ina fheirmeoir. Bhí Elizabeth agus Christopher ina gcónaí lena mac, ar ainmníodh as a athair é, agus lena mbeirt iníonacha, Josephine agus Mary. Bhí searbhónta amháin fostaithe ag an teaghlach: bean darbh ainm Bridget Finn, arbh as Maigh Eo di. Sa bhliain 1909, fuair Christopher bás leis an ngúta.

D'fhan Elizabeth sa Chlochrán tar éis bhás a fir céile. Ghlac a mac, Christopher, dualgais na feirme air féin agus bhí sé fós d'acmhainn ag an teaghlach searbhónta a fhostú. Nuair a bhí Elizabeth amach sna 50í, bhí sí ag fulaingt de dheasca broincítis. Mhair sí go dtí an athbhliain ach fuair sí bás go gairid ina diaidh, an 18 Eanáir 1919. San uaigh chéanna lena fear céile a cuireadh í an 21 Eanáir 1919, Y5 Deisceart i Reilig Ghlas Naíon.

Tharla dhá mhóreachtra in Éirinn an lá ar cuireadh Elizabeth. Céard a bhí sna heachtraí sin?

**Léigh faoin gcineál saoil a bhí ag cuid de na daoine atá curtha i nGlas Naíon a bhfuil taighde déanta againn orthu agus freagair na ceisteanna.**




http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/Dublin/North_Dock/Seville_Place/18991/

## Charles Grist

Is i Sasana a rugadh Charles Grist i lár an 19ú haois. Nuair a bhí sé 23 bliain d'aois, phós sé bean darbh ainm Bridget as Baile Átha Cliath a bhí 19 mbliana d'aois. Bhí 10 clainne ag Bridget agus Charles le chéile ach níor tháinig ach 6 acu sin in inmhe. Gníomhaire iarnróid ab ea Charles agus ba i mBaile Mhic Scanláin, Co. Lú a raibh cónaí air féin agus ar Bridget in éineacht lena gclann; Catherine, Elizabeth, John agus Peter Aloysius.

Sna céad deich mbliana eile, d'éirigh le Elizabeth obair a fháil mar mhúinteoir scoile agus thosaigh John agus Peter ag obair mar chléirigh in oifig. Bronnadh ról mháistir an iarnróid ar Charles agus nuair a d'éirigh sé as a phost fuair sé pinsean ón London and North Western Railway.

Fuair Charles bás de dheasca cliseadh croí dhá bhliain tar éis Dhaonáireamh 1911. Cuireadh é in uaigh a cheannaigh a mhac, John. Fuair a mhac, Peter Aloysius, bás leis an eitinn sa bhliain 1915 agus fuair a bhean chéile bás i 1917. San uaigh chéanna le Charles i nGlas Naíon a cuireadh an bheirt acu.

An lá céanna ar cuireadh Charles i Reilig Ghlas Naíon, bhí cruinniú poiblí ar siúl in Ospidéal an Rotunda i gCathair Bhaile Átha Cliath, 3 km ón Reilig. Seoladh eagraíocht nua ag an gcruinniú sin. Ba é ba chuspóir leis Rialtas Dúchais a thabhairt isteach. Céard ab ainm don eagraíocht sin?